

Futa Fata – Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

Amú le Elizabeth Kay



Gabhann Futa Fata buíochas le COGG a thacaigh le foilsiú an ábhair thacaíochta seo.

An Chomhairle um Olldeachtas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Faoin Leabhar:

Scéal é seo in a ndéantar plé ar cheart agus ar mhícheart, ar an gcaidreamh idir buachaill agus a thuismitheoirí agus ar an gcaidreamh atá aige leis na daoine atá ag tabhairt aire dó. Cuirtear síos chomh maith ar an athrú a thagann ar an mbuachaill, Oisín, nuair a chaitheann sé seal le daoine atá go hiomlán éagsúil óna mhuintir féin. Foghlaimíonn Oisín, príomhcharacter an scéil, go leor faoi féin agus faoin tslí ar ceart caitheamh agus glacadh le daoine sa saol mórthimpeall orainn.

Faoin Údar:

Is as Londain Shasana do Elizabeth Kay. Bhain sí céim amach san ealaín roimh di máistreacht a dhéanamh sa Scríbhneoiracht Chruthaitheach. Tá cnuasach suntasach leabhar do pháistí agus do dhaoine fásta scríofa aici, chomh maith le filíocht agus gearrscéalta. Tá an-suim aici sa nádúr.

Téamaí an Leabhair:

Meas – Nuair a chasann muid ar Oisín ar dtús, is léir nach bhfuil aon mheas aige ar a thuismitheoirí ná ar na húdaráis. De réir mar a théann an scéal ar aghaidh, foghlaimíonn sé meas a bheith aige ar dhaoine eile agus meas chomh maith ar an saol mórthimpeall air agus ar chultúir daoine atá an-éagsúil uaidh féin.

Cairdeas – Feiceann muid fíorchairdeas sa chaidreamh atá ag Oisín le Zul, agus sa bhealach cairdiúil, flaitiúil a chaitheann a muintir le hOisín.

Má thaitin an leabhar seo leat, seans go dtaitneoidh Fuadaithe le Malorie Blackman leat, agus An Phluais le David Gatward.

Tá an scéal seo lonnaithe i nGaineamhlach Ghóibí. Gaineamhlach mór millteach é a bhfuil achar 500,000 míle cearnaithe ann. Is ann a tháinig eolaithe ar ubh dineasár den chéad uair.

Le déanamh: Aimsigh Gaineamhlach Góibí ar learscáil an domhain.



Caibidil 1



Cúpla ceist faoin téacs:

Is beag nár cailleadh an buachaill deireanach a rinne iarracht ealú ón gCampa Ceartúcháin – conas?

Cén sórt peata a bhí ag Oisín sa bhaile?

Cén cineál aclaíochta a bhíodh ar siúl ag Oisín sa mbaile?

Le plé sa rang:

Ar leathanach 4 déanann Oisín cur síos ar a thuismitheoirí:

“Bhí aithne níos fearr againn ar ár bpeataí ná mar a bhí againn ar ár dtuismitheoirí, agus réitíomar níos fearr leo freisin.”

Céard a léiríonn an abairt thuas faoin gcaidreamh a bhí ag Oisín lena thuismitheoirí? Conas a tharla sé, dar leis an rang, gur réitigh Oisín níos fearr le hainmhithe seachas lena Mham agus lena Dhaid?

Smaoineamh don rang OSPS:

Líon Oisín a phócaí le seacláidí agus cóc. Cé go dtugann seacláid beagán fuinnimh do dhuine, seans nach é seo an rogha bia is fearr le tabhairt leat is tú i ngaineamhlach. Roinn an rang i ngrúpaí. Caithfidh gach grúpa réimse bia a mholadh le tabhairt ar aistear fada trí ghaineamhlach. Roghnaigh na moltaí is folláine agus is oiriúnaí, dar leis an rang ar fad.



Caibidil 2

Cúpla ceist faoin téacs:

Conas a mhothaigh Oisín nuair a dhúisigh sé?

Conas a chabhraigh Oisín leis an gcolúr a raibh sciatháin briste aige?

Cuir na focail agus na nathanna cainte seo a leanas in abairtí: púir; baineadh stangadh asam; cléithín adhmaid; duine ná deoraí; mearbhall; fionnadh.

Le plé sa rang:

Ar leathanach a hocht, déanann Oisín cur síos ar cholúr le sciathán briste agus an bealach ar chabhraigh sé leis.

Céard a léiríonn an radharc seo faoi phearsantacht Oisín?



Smaoineamh don rang Ealaíne/Eolaíochta:

Stopann uaireadóir Oisín mar go bhfuil gaineamh ann. Ach sa tseanaois, sula raibh cloig nó uaireadóirí ann, thomhais daoine an t-am ag úsáid grianchlog.

Déan do ghrianchlog féin sa rang agus tomhais an t-am leis – déan taighde ar an idirlíon conas é a dhéanamh.

Caibidil 3



Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth a raibh eagla ar Oisín go gceapadh Zul gurbh as an áit é? Dar

le Zul céard a bhí sna réaltaí? Céard a bhí i gceist aici leis sin?

Conas atá a fhios againn go raibh Zul i bhfad níos fearr ag marcaíocht ar chapall ná Oisín?

Le plé sa rang:

Deán plé ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá ann idir na tréithe atá ag Oisín agus Zul mar dhaoine.

Smaoineamh don scríbhneoireacht chruthaitheach:

Scríobh caibidil a trí ó thaobh dhearcadh Zul agus í ag bualadh leis an strainséir óg ó thír i bhfad i gcéin den chéad uair.

Caibidil 4



Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth a raibh Zul míshásta nuair a thosaigh Oisín ag geonaíl go magúil? Cén fáth gur cheap Oisín gur seafóid a bhí á labhairt aici?

Conas a mhothaigh Oisín nuair a thit an ciúnas?

Cé na rudaí a bhí taobh amuigh den *ger* a chuir ionadh ar Oisín? Cén fáth go raibh ionadh air iad a fheiceáil ann?

Le plé sa rang:

Is lucht taistil iad na daoine a bhfanann Oisín agus Zul leo – ní chaitheann siad an bhliain ar fad in aon áit amháin, agus anois is arís baineann siad an *ger* as a chéile agus imíonn siad áit éigin eile leis. Déan liosta de na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le maireachtáil mar sin.





Caibidil 5

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth gur cheap Oisín gur marcach cumasach í Zul?

Cé na fuaimeanna a bhí cloiste ag Oisín ó mhaidin? Cén fhuaim nua a chuala sé? Cén fáth go gceapfadh sé go raibh an fhuaim sin aisteach?

Cén fáth nach raibh Oisín ag iarraidh aird lucht an eitleáin a tharraingt?

Le plé sa rang:

Cén fáth, dar leis an rang, a raibh Oisín ag iarraidh fanacht sa gaineamhlach le Zul seachas filleadh ar an gcampa ceartúcháin?



Caibidil 6

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth nár dhúirt Oisín aon rud magúil le hathair Zul?

Déan cur síos ar an éadach a bhí ar athair Zul.

Cén fáth nach raibh máthair Zul sa bhaile?

Le plé sa rang:

‘Cé go bhfuil muintir Zul i bhfad níos boichte ná muintir Oisín ó thaobh airgid de, is duine i bhfad níos sásta í Zul’.

An aontaíonn an rang leis an ráiteas sin. Cén fáth?

Smaoineamh do rang ealaíne:

Déan sceitse le peann luaidhe d’Oisín agus é gléasta cosúil le hathair Zul. Dathaigh an pictiúr de réir mar is maith leat – ná bac leis na dathanna atá luaite sa scéal. Pléigh na pictiúir sa rang – cad a cheapann daoine faoin rogha dathanna a d’úsáid daoine éagsúla?





Caibidil 7

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth ar chinn sé (ar theip) ar Oisín an gabhar a bhleán? Bhí an jab seo éagsúil ó na pictiúir a bhí feicthe ag Oisín
– conas?

Cén plean a bhí ag Oisín maidir le lámh bhriste Bhat?

Cén fáth gur mhothaigh Oisín aisteach nuair a dúirt sé go raibh brón air? Cad a thugann sé sin le fios duit faoin saol a bhí aige go dtí seo?

Le plé sa rang:

Déan comparáid:

Déan liosta de na jabanna a bhíonn le déanamh agat sa bhaile. Cuir i gcomparáid na jabanna sin le jabanna



Caibidil 8

Cúpla ceist faoin téacs:

Conas a bhí na hamhráin popcheoil b'ansa le Zul éagsúil ó na cinn a raibh eolas ag Oisín orthu? Conas a thug Oisín agus Zul uisce do na hainmhithe?

Cén fáth a raibh scanradh ar Zul nuair a chonaic sí an madra? Cad a thug le fios go raibh rud éigin air?

Le plé sa rang:

Seo radharc an-drámatúil sa scéal – bíonn radharc mór mar seo ar fáil in an-chuid scéalta. Gan an chéad chaibidil eile a léamh, cén deireadh a bheidh leis an scéal, dar leis an rang?

Comórtas!

Ag obair i ngrúpaí, cum an t-amhrán iontach sin a thaitin le Zul, 'Déanann mo Mháthair Tae'. Cas an t-amhrán sa rang agus déan vóta ar an leagan is fearr (níl cead vótáil do do chupán tae féin!)



Caibidil 9



Cúpla ceist faoin téacs:

Conas a tharla sé gur tháinig muintir Zul agus Brian ar ais chuig an *ger* in aon bhus amháin, dar le hOisín?


Conas a shábháil Oisín a mháthair?

Cén fáth a raibh athair Oisín beagnach ag caoineadh?

Le plé sa rang:

‘Díreach ag an nóiméad sin, ní raibh uaim ach go sloigfí isteach i bpoll mór sa talamh mé. Bhí mé náirithe ceart ag mo thuismitheoirí’

Cén fáth a raibh Oisín náirithe ag a thuismitheoirí, dar leis an rang?



Caibidil 10

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén chomhairle a chuir Oisín ar a athair maidir le bheith múinte le muintir Zul?

Cén fáth ar ghlac athair Zul buíochas le thuismitheoirí Oisín?

Cén t-athrú a bheadh ar chúrsaí sa bhaile, dar le hathair Oisín?

Le plé sa rang:

An bhfuil aon fhírinne sa mhéid a deireann Zul le thuismitheoirí Oisín faoin bhfáth go raibh a mac drochbéasach, dar leis an rang?

Cén t-athrú a tháinig ar Oisín de bharr am a chaitheamh le Zul agus a muintir?

Seo linn go Hollywood!

Déan cúpla grúpa den rang. Oibríodh gach grúpa amach plean le scannán a dhéanamh den leabhar Amú. Roghnaigh aisteoirí leis na páirteanna éagsúla a dhéanamh – is féidir aisteoir ar bith ar domhan a úsáid. Déanadh gach grúpa cur i láthair ar a bplean don rang.



Futa Fata

